An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
Department of Public Expenditure and Reform

# Dréacht-Straitéis Sonraí Oscailte

## 2017 – 2022

**An tAonad Athchóirithe Rialtais**
**An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

**Iúil 2017**

## An Clár


**Réamhrá an Aire** ....................Leathanach 3

**Misean agus Fís** ....................Leathanach 4

**Forbhreathnú Achomair**....................Leathanach 5

**Buntáistí agus Úsáid Sonraí Oscailte** ....................Leathanach 6

**Treoirphrionsabail agus Luachanna**....................Leathanach 11

**Cuspóirí Uileghabhálacha**....................Leathanach 12

**Buntáistí atá Beartaithe**....................Leathanach 13

**Tosca Criticiúla Ratha**....................Leathanach 14

**Rialachas na Straitéise Sonraí Oscailte** ....................Leathanach 15

**Comhpháirteachas na bPáirtithe Leasmhara**.................... Leathanach 16

**Téamaí Straitéiseacha**....................Leathanach 17

**Plean Feidhmithe**.................... Leathanach 18

**Sainmhínithe**....................Leathanach 26

# Réamhrá an Aire

Fáiltím roimh fhoilsiú na Straitéise Sonraí Oscailte 2017 - 2022. Tosaíocht phríomha rialtais is ea oscailteacht agus follasacht agus creidimse, trí shonraí an rialtais a oscailt amach go gcumasóidh sé na saoránaigh, go gcothóidh sé an nuálaíocht agus go ndéanfaidh sé athchóiriú ar na seirbhísí poiblí. Ón am ar gríosaíodh an Tionscnamh Sonraí Oscailte in 2014, tá breis agus 5,200 tacar sonraí nasctha lenár dtairseach náisiúnta sonraí oscailte, data.gov.ie, i réimsí ar nós iompar, sláinte, oideachas, coiriúlacht agus an comhshaol. Anois, tá daoine in ann breathnú ar, íoslódáil a dhéanamh agus úsáid a bhaint as staitisticí coiriúlachta, praghsanna tithe, eolas fíor-ama taistil agus staitisticí sláinte, gan a lua ach an beagán.

Tógfaidh an Straitéis seo ar na gnóthachtálacha substaintiúla atá déanta i bhfeidhmiú an tionscnaimh sonraí oscailte go dtí seo. Cuireann sé creat ar fáil le sonraí a úsáid chun a chinntiú go ndéantar seirbhísí poiblí a sheachadadh ar mhodh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla agus ar bhealach níos follasaí agus níos freagraí. Tá roinnt samplaí sa Straitéis a dhíríonn ar na húsáidí, na tairbhí agus na coigiltí atá seachadta ag Sonraí Oscailte.

Dhá chuspóir lárnacha den straitéis is ea foilsiú sonraí ardluacha rialtais i bhformáid oscailte, á chur ar fáil go poiblí agus saorchead é a úsáid an athuair, agus dul i dteagmháil le pobal leathan de pháirtithe leasmhara chun úsáid na sonraí a chur chun cinn ar mhaithe le gach earnáil den gheilleagar. Tá na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun na cuspóirí a bhaint amach leagtha síos sa Phlean Feidhmithe agus amlínte sonracha leo maidir lena seachadadh.

Mholfainn do gach comhlacht poiblí páirt iomlán a ghlacadh sa phróiseas chun an acmhainn luachmhar seo a oscailt suas ionas go mbeifear in ann é a úsáid chun seachadadh a dhéanamh ar an bhfís go bhforbródh Éire mar thír ina mbeidh deiseanna agus tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus daonlathacha Sonraí Oscailte á n-aithint agus á mbaint amach ag na páirtithe leasmhara go léir. Le feidhmiú na Straitéise seo, faoi cheannasaíocht an Bhoird um Rialachas Sonraí Oscailte, creidim go ndéanfar deiseanna suntasacha a sheachadadh d'Éirinn thar na 5 bliana seo romhainn agus thairis sin.

**Patrick O'Donovan, T.D. An tAire Stáit le freagracht as Soláthar Poiblí, Oscailteacht Rialtais agus Ríomhsheirbhísí Rialtais**

## An Misean i dtaobh Sonraí Oscailte

Is é ár misean Sonraí Oscailte ná spreagadh a thabhairt agus tiomáint a dhéanamh ar úsáid Sonraí Oscailte agus, á dhéanamh sin dúinn, cur le luach an gheilleagair trí mhéadú a chur ar fhollasacht, feidhmchláir nua gnó a spreagadh, trust a thiomsú sa rialtas agus feabhas a chur ar shaol na saoránach trí sheirbhísí níos fearr a sheachadadh.

Bainfear amach é sin trí:

- Spreagadh a thabhairt d'eisiúint na sonraí ardluacha cuí rialtais go léir mar Shonraí Oscailte mar réamhshocrú
- Geilleagar a bheidh tiomáinte ag luach a thógáil trína chur ar fáil go poiblí agus saorchead é a úsáid an athuair, rud a chinnteoidh, nuair is gá, go mbeidh toradh ar an infheistíocht le fáil ag an Stát.
- Dul i dteagmháil le pobal leathan de pháirtithe leasmhara chun úsáid na Sonraí Oscailte a chur chun cinn agus a n-úsáid a spreagadh

## An Fhís i dtaobh Sonraí Oscailte

An fhís atá ann go mbeidh Éire in ceannródaí in úsáid Sonraí Oscailte agus timpeallacht a chruthú ina n-aithneofar agus a dtuigfear na tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus daonlathacha atá ag Sonraí Oscailte.

Trí shonraí Rialtais a oscailte suas cuirtear deiseanna nua ar fáil le haghaidh taighde, nuálaíochta, comhpháirteachas agus breis éifeachtúlachta do na hearnálacha geilleagair go léir agus acmhainneacht ann chun deiseanna gnó a ghiniúint, fás eacnamaíoch a spreagadh agus cur leis an Oscailteacht Rialtais. An aidhm atá ann ná éiceachóras a chur i bhfearas le gur féidir úsáid a bhaint as acmhainneacht Sonraí Oscailte agus réimsí nideoige a fhorbairt d'Éirinn chun inniúlachtaí croíláir a fhorbairt agus a bheith mar cheannródaí i Sonraí Oscailte.

## Forbhreathnú Achomair

An coincheap atá le Sonraí Oscailte ná go gcuirfear sonraí atá i seilbh comhlachtaí poiblí ar fáil agus teacht orthu go héasca ar líne lena athúsáid agus a athdháileadh. Ní chuirfidh Sonraí Oscailte foilsithe isteach ar an gceart bunúsach go mbeadh cosaint ag sonraí pearsanta atá faoi rún agus ag sonraí tráchtála, agus sna cásanna sin ní áireofar aon eolas a cheadóidh eintiteas aonair (duine nó gnó) a aithint.

Tá tiománaithe do Shonraí Oscailte ag leibhéil idirnáisiúnta, Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla. Tá Tionscnamh Sonraí Oscailte na hÉireann ailínithe le tosaíochtaí príomha Rialtais ar nós na Straitéise ICT, Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus an Plean Athnuachana don Státseirbhís a mhéadaíonn éifeachtúlacht agus críochnúlacht na Seirbhíse Poiblí. Tá sé ailínithe freisin leis an Plean Gníomhaíochta um Chomhpháirtíocht Rialtais Oscailte, an Bonneagar Sonraí Náisiúnta atá molta agus an Treoir agus na Rialacháin um Athúsáid na Seirbhíse Faisnéise don Phobal (PSI). Meastar sonraí a eisítear faoi PSI gan choinníollacha a bheith comhionann le sonraí a eisítear faoi cheadúnas Sonraí Oscailte. Lena chois sin, déanann Sonraí Oscailte comhlánú ar riachtanas na Scéime Foilsithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 a dhéanann cur chun cinn ar fhoilsiú níos leithne eolais ar bhonn gnáthaimh.

Tógfaidh an *Straitéis Sonraí Oscailte 2017-2022* seo ar ghnóthachtálacha a rinneadh ó seoladh an Tionscnamh Sonraí Oscailte in 2014. Leagann an Straitéis amach seacht dtéama straitéiseacha a threoróidh an Tionscnamh Sonraí Oscailte thar shaolré na Straitéise. Áirithe leo sin tá: réimse na gcomhlachtaí poiblí atá páirteach go gníomhach sa Tionscnamh Sonraí Oscailte a leathnú; feabhas a chur ar chaighdeán, méid agus réimse na dtacar sonraí atá ar fáil agus an réimse seirbhísí atá ar fáil ar an tairseach Sonraí Oscailte náisiúnta a fheabhsú; comhpháirteachas leanúnach le páirtithe leasmhara chun úsáid Sonraí Oscailte a spreagadh; tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do ghrúpaí éagsúla d'úsáideoirí Sonraí Oscailte, comhlachtaí sa tseirbhís phoiblí san áireamh; measúnú ar thionchair, tairbhí agus rioscaí an Tionscnaimh agus a chinntiú go bhfuil struchtúir éifeachtacha rialachais i bhfearas chun an Straitéis a chur i bhfeidhm. Tá na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun na cuspóirí a bhaint amach leagtha síos sa Phlean Feidhmithe a shainíonn an comhlacht atá freagrach as gach gníomhaíocht agus an t-achar ama a bhfuiltear ag súil leis lena seachadadh.

Tá tacaíocht ag an Straitéis seo ó Chreat Teicniúil agus Doiciméad Boinn na Sonraí Oscailte don fhorbairt ar Straitéis Sonraí Oscailte a foilsíodh in 2015. Beidh an fócas ar shonraí nach bhfuil pearsanta ná íogair ó thaobh tráchtála de.

Aschur lárnach den Tionscnamh Sonraí Oscailte go dtí seo is ea an tairseach náisiúnta Sonraí Oscailte, https//data.gov.ie, a chuireann rochtain ar fáil ar shonraí oifigiúla neamhphearsanta rialtais i bhformáid oscailte. Osclaíodh an tairseach ar dtús i mí Iúil 2014 agus tá leasú suntasach déanta air ó shin. Faoi dheireadh R2 2017, bhí suas le 5,200 tacar sonraí nasctha leis an tairseach ó 96 foilsitheoir agus ar na leasuithe is deireanaí a cuireadh air tá amharcléirithe, feidhm chun 'tacar sonraí a mholadh' agus feidhm 'sárthaispeántais' inar féidir le forbróirí a gcuid aipeanna, láithreáin ghréasáin, srl. a chur ar taispeáint agus úsáid á bhaint acu as sonraí ón tairseach.

Beidh maoirseacht á dhéanamh ar fheidhmiú na Straitéise seo ag an mBord um Rialachas Sonraí Oscailte le tacaíocht ó Ghrúpa Oibre na gComhlachtaí Poiblí agus ón Aonad um Shonraí Oscailte sa Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe. Cuirfidh Fóram um Shonraí Oscailte comhairle agus aiseolas ar fáil don Bhord um Rialachas Sonraí Oscailte.

## Buntáistí agus Úsáid Sonraí Oscailte

Tá Sonraí Oscailte aitheanta mar acmhainn bhunúsach do rialtais, gnóthaí agus an sochaí shibhialta. Tá raon leathan de thionchair dhearfacha ag Sonraí Oscailte agus clúdaíonn siad réimsí polaitiúla, sóisialta agus geilleagracha. Is féidir leo sin leathadh ó fheabhas a chur ar fhollasacht agus ar éifeachtúlacht an rialtais, ionchas do nuálaíocht gnó agus réimse ollmhór de thairbhí sóisialta agus pearsanta.

I dtéarmaí tairbhí polaitiúla, ceadaíonn eisiúint méideanna breise de Shonraí Oscailte rialtais breis follasachta agus iontaoibh sa rialtas chomh maith le hionchas chun éifeachtúlachtaí a mhéadú trí rialachas níos fearr ar shonraí. Tá sé indéanta feabhsúcháin a chur ar cheapadh beartais trí úsáid a bhaint as Sonraí Oscailte chun feabhas a chur ar chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe. Cuireann sonraí oscailte daonáirimh eolas mionsonraithe ar fáil faoi threochtaí déimeagrafacha agus socheacnamaíocha agus cuidíonn sé leis an rialtas chun treoir a thabhairt do sheachadadh seirbhísí.

I dtéarmaí tairbhí eacnamaíocha, tá sé tugtha le fios ag staidéir go bhfuil ionchas ollmhór geilleagrach ag Sonraí Oscailte. In 2013, rinne McKinsey amach go gcruthódh margadh domhanda, cumhachtaithe ag sonraí oscailte as na hearnálacha go léir, idir $3tn agus $5tn breise in aghaidh na bliana[1]. Idir 2016 agus 2020 meastar gur €325bn an méid charnach a bheidh sa mhargadh díreach don AE28+ agus go gcruthófar thart ar 25,000 post a bheidh ag baint go díreach le Sonraí Oscailte.[2] I gcás na hÉireann, meastar gur €966m a bheidh i méid an mhargaidh dhírigh agus €20m de coigiltis chostais ionchasach measta i leith caiteachais rialtais mar aon le 1,000 post a bheidh bainteach le Sonraí Oscailte. Aithníonn an Straitéis seo an t-ionchas do thionchar gnó i dtrí réimse thábhachtacha: nuálaíocht gnó, cruthú gnó agus éifeachtúlacht gnó. Leis an rochtain níos leithne agus níos tapúla ar shonraí tá sé níos éasca ag taighdeoirí agus ag gnóthaí tógáil ar thaighde an rialtais. D'fhéadfadh sé sin borradh a chur faoi nuálaíocht inniúlachta i réimsí mar chógaisíocht agus athnuaiteáin. D'fhéadfaí deiseanna a chruthú do tháirgí nó seirbhísí a bheadh spreagtha ag Sonraí Oscailte chun luach breise a chur ar na sonraí a bheadh ginte ag comhlachtaí poiblí. D'fhéadfadh gnóthaí agus comhlachtaí poiblí tairbhe a bhaint as Sonraí Oscailte trí léargais níos cruinne agus níos iomláine a fháil ar roghanna agus riachtanais custaiméirí agus ar an dóigh sin a bheith níos éifeachtúla ag déileáil leis na riachtanais sin chomh maith le bheith ag cur le fás cliste.

---

[1] McKinsey, 2013

[2] https://www.europeandataportal.eu/sites/default/files/edp_creating_value_through_open_data_0.pdf

Is féidir éagsúlacht a bheith sna tairbhí sóisialta agus pearsanta, ó chruthú Cathracha Cliste go dtí rud éigean chomh simplí le feabhas a chur ar fhad aistir agus áisiúlacht paisinéirí trí úsáid a bhaint as faisnéis fhíor-ama paisinéirí don chóras iompair poiblí nó as feidhmchláir mhapála.

Tá roinnt samplaí tugtha thall d'úsáid agus d'athúsáid Sonraí Oscailte in Éirinn agus in áiteanna eile.

| | |
|---|---|
| EolasBÁC | Láithreán idirlín agus tairseach idirghníomhach is ea EolasBÁC (*Dublin Dashboard*) a chuireann faisnéis fíor-ama, sonraí táscaire amshraitheanna, agus mapaí idirghníomhacha ar fáil do shaoránaigh, státseirbhísigh, agus cuideachtaí faoi gach gné de chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé ar fáil in aisce agus déanann sé éascú, mar shampla, ar shaoránaigh atá ag iarradh faisnéise faoi na coinníollacha reatha tráchta nó spásanna páirceála; cuideachtaí atá ag iarradh faisnéis a fháil faoi cheantar nó na sonraí bunúsacha a bhaineann leis; nó státseirbhísigh a bhfuil suim acu i bhfoirmiú beartais. Anois, is féidir le húsáideoirí cé mar atá Baile Átha Cliath ag feidhmiú a scrúdú ar mheadarachtaí éagsúla, i gcomparáid le cathracha agus réigiúin eile; féachaint cé mar a chaitheann údaráis áitiúla a mbuiséad, breathnú ar a bhfuil ag tarlú le hiompraíocht agus an timpeallacht i bhfíor-am; idirghníomhú le mapaí den daonáireamh, coiriúlacht, an beochlár, cuideachtaí, tithíocht agus pleanáil; seirbhísí cathrach atá in aice láimhe a fháil nó tuairisciú faoi chúinsí atá i na gceantar. Is féidir le húsáideoirí sonraí a íoslódáil freisin chun a n-anailís féin a dhéanamh nó aipeanna a thógáil. |
| Freagairt i gcás crith talún | De bharr an chreatha talún a tharla in Christchurch na Nua-Shéalainne in 2011, bhain saorálaithe agus oifigigh ag na gníomhaireachtaí tearnaimh úsáid as sonraí oscailte, uirlisí foinse oscailte, comhroinnt iontaofa sonraí agus sluafhoinsiú chun réimse táirgí agus seirbhísí a raibh gá leo a fhorbairt chun freagairt go rathúil do na coinníollacha a bhí ag teacht chun cinn lena n-áirítear aip gréasáin éigeandála sluafhoinsithe ar tugadh 70,000 cuairt air taobh istigh de 48 uair an chloig tar éis an chreatha talún. |
| An tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann | Cuireann an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (AIRO) acmhainní mapála ar fáil mar uirlisí faisnéise ar mhaithe leis an bpobal d'fhonn feabhas a chur ar phleanáil atá bunaithe ar fhianaise in Éirinn. Tá na modúil éagsúla deartha chun tacaíocht agus cabhair a chur ar fáil do thuiscint ar dhinimic ceantar áitiúil, contaetha, réigiúin agus ceantar tras-teorann na hÉireann. Tá mapáil daonáirimh in chuid shuntasach den obair seo. Baintear úsáid go rialta anois as uirlisí mapála AIRO chun tacú le hobair thábhachtach forbartha beartais ar nós Pleananna Forbartha Contae (CDPanna) agus Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail (LECPanna) in údaráis áitiúla ar fud na hÉireann. Tá roinnt uirlisí do phleanáil fianaise-bhunaithe tras-teorann forbartha as comhoibrithe a rinneadh le gairid idir AIRO agus gníomhairí staitistiúla i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann araon. |
| Sonraí Aimsire | I SAM, le hoscailt suas na sonraí aimsire tríd an *National Oceanic and Atmospheric Administration* (NOAA), tá laghdú suntasach déanta ar na costais eacnamaíocha agus daonna a bhaineann le damáiste aimsire trí réamhaisnéisí; tá forbairt cumasaithe ar thionscal airgeadais díorthach aimsire ar fiú na billiúin dollar é, agus atá ag brath ar thaifid sonraí séasúracha; agus déanann sé catalú ar thionscal atá ag fás agus ar fiú na milliúin dollar é d'uirlisí agus do d'fheidhmchláir atá díorthaithe as sonraí fíor-ama. |

| | |
|---|---|
| Check that Bike | Feidhmchlár de chuid an UK is ea *Check that Bike* a bhaineann úsáid as 35 foinse de shonraí oscailte lena n-áirítear taifid ó fhórsaí póilíneachta, árachóirí rothar agus cláir d'earraí goidte a chomhbhailítear ionas gur féidir cuardaigh a dhéanamh trasna orthu. Tá breis agus 70,000 rothar goidte aitheanta ag an mbunachar agus tugann sé treoraíocht d'úsáideoirí ionas nach gceannóidh siad rothair ghoidte de thimpiste. |
| Faisnéis Fíor-ama Paisinéirí | Cuidíonn faisnéis fíor-ama paisinéirí le baill den phobal chun a dturais a phleanáil níos fearr. Cuireann '*National Journey Planner*' an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) sonraí oscailte ar fáil i dtaca le pleanáil turas, amchláir agus eolas taistil ó na soláthróirí ceadúnaithe iompair phoiblí go léir ar fud na hÉireann, lena n-áirítear eolas faoi sheirbhísí traenach, busanna, tramanna, farantóireachta agus tacsaithe. Cuireann an Pleanálaí fáil ar amanna imeachta na gcóras iompair poiblí agus ceadaíonn sé pleanáil turais iomláin lena n-áirítear amanna siúil, busanna, Luais, Iarnróid Éireann agus farantóireachta. Is féidir é a rochtain ar líne trí Transportforireland.ie nó é a íoslódáil mar Aip. Tá éascaíocht déanta na sonraí oscailte seo do 3ú páirtithe mar Google Maps, Bing Maps, Yahoo Maps agus HERE chun pleanálaí córais iompair phoiblí a thógáil ina gcuid táirgí.<br><br>Tá aip fíor-ama dá chuid féin ag Bus Átha Cliath agus tá aipeanna eile do ghréasán bus Átha Cliath a chuireann an t-eolas ar fáil ar bhealaí éagsúla. Is féidir sonraí oscailte a úsáid chun mioneolas a thabhairt don saoránach faoi pháirceáil atá ar fáil agus atá inrochtana. Baineann an aip pháirceála soghluaiste *ParkYa* úsáid as sonraí oscailte chun cuidiú le cathracha a bhfaisnéis páirceála féin a dhéanamh níos inrochtana don phobal. |
| Myplan.ie | Tionscnamh de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil is ea Myplan.ie a bhfuil cuidiú tugtha aige d'údaráis áitiúla chun comhordú a dhéanamh ar fhoilsiú a bhfaisnéis phleanála ar bhealach caighdeánaithe agus oscailte, ag cur méadú ar éifeachtúlacht chomhbhailiúchán agus bhainistíocht na sonraí pleanála. An aidhm atá ag Myplan.ie ná ionad ilfhreastail faisnéise a chruthú faoi phleananna agus freisin chun fáil a chur ar fhaisnéis eile atá ábhartha don chinnteoireacht phleanála (daonáireamh, láithreáin oidhreachta, patrúin d'fhorbairt tithíochta, srl.) nach é amháin go ndéanann sé tairbhe do na saoránaigh ach go gcuidíonn sé freisin leis an gcomhordú méadaithe seo. |
| Cathracha Cliste | Déanann Cathracha Cliste comhtháthú ar an teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (ICT) agus ar theicneolaíocht Idirlíon na nEarraí (IoT) ar bhealach daingean chun sócmhainní cathrach a bhainistiú. Áirithe sna sócmhainní sin tá córais fhaisnéise na rannóg áitiúil, scoileanna, leabharlanna, córais iompair, ospidéil, gléasraí cumhachta, gréasáin soláthar uisce, bainistiú dramhaíola, feidhmiú an dlí agus seirbhísí pobail eile. Tá cathracha ar fud an domhain, lena n-áirítear Baile Átha Cliath agus Corcaigh, tar éis glacadh le straitéisí cathracha cliste chun fáil a chur ar sheirbhísí feabhsaithe, bainistíocht tráchta agus chun tabhairt faoi dhúshláin chomhshaoil, mar shampla. Tá obair déanta freisin ag Luimneach agus Gaillimh ar thionscadail cathrach cliste. |

| | |
|---|---|
| PulsePoint | Ina lán tíortha, tá feidhmchlár d'fhearais soghluaiste bunaithe ar Shonraí Oscailte tugtha isteach a laghdaíonn an t-aga freagartha i gcás éigeandáil mhíochaine agus ardaíonn sé na rátaí marthanais. Na feidhmchláir a bhfuil an t-ionchas is mó acu chun beatha a shábháil, tá siad dírithe ar chosc a chur ar bhás a tharlaíonn de bharr stad cairdiach. I SAM, is é an feidhmchlárchlár PulsePoint an ceann is mó a bhfuil tóir air agus naisc sé glaonna 911 le sonraí suímh. Dá réir sin, ní amháin go bhfuil sé in ann daoine atá oilte ar CPR a threorú chuig an íospartach ach díríonn sé freisin iad ar an dífhibrileoir inrochtana is gaire. |
| Briogáid Dóiteáin Londain | Tá uirlis forbartha ag Briogáid Dóiteáin Londain ag baint úsáide as sonraí poiblí a cheadaíonn dó breathnú ar amanna práinnfhreagartha agus ar theagmhais dóiteáin chun acmhainní a dhíriú níos fearr ar an áit is mó a bhfuil gá leo. Baineann siad úsáid freisin as bogearraí a cheadaíonn don bhriogáid dóiteáin úsáid a bhaint as teicníc ar a dtugtar samhlú cúlchéimnithe chun díriú ar áiteanna a léirít ear ionaid ardriosca dóiteáin. Déanann siad seiceálacha sábhála baile sna ceantair sin, cuireann siad oideachas ar dhaoine faoi shábháilteacht dóiteáin agus cuireann siad aláraim dheataigh isteach. |
| Clár Chonamara | Déanann Clár Chonamara réimse de sheirbhísí agus de tháirgí atá bunaithe ar Shonraí Oscailte a chur ar fáil i gceantar Chonamara. Agus úsáid á bhaint as an bhfaisnéis dhigiteach faoi thimpeallacht gheilleagrach, sóisialta, fhisiciúil, chultúrtha agus nádúrtha, cuirtear uirlisí atá réidh le n-úsáid ar fáil do ghnóthaí Chonamara chun a láithreacht a fheabhsú ar an idirlíon. Chun é sin a dhéanamh, tá faisnéis bailithe agus catagóirithe ag an gClár faoin réigiún iomlán de 2000 km. Leis sin, cuireann siad fáil ar eolairí mapa-bhunaithe ar líne, tacair shonraí agus seirbhísí tacaíochta d'eagraíochtaí, do dhaoine aonair agus do lucht déanta beartas. Cuireann Clár Chonamara a sheirbhísí ar fáil in aisce don phobal agus d'eagraíochtaí neamhbhrabúis. |
| eGovlab | Déanann Rialtas na Sualainne maoiniú ar eGovlab a thugann le chéile na páirtithe leasmhara éagsúla agus na modhanna chun réitigh ar dhúshláin shibhialta a fhorbairt i gcomhar lena chéile. Nuair a bhíonn siad rathúil, ansin is féidir na réitigh a thrasfhoirmiú ina ndeis eacnamaíoch do earnáil phríobháideach. Cuireann eGovlab creataí agus modhanna neamhghnácha i bhfeidhm chun samhlú a dhéanamh faoi thionchar ICT ar thrasfhoirmiú an rialtais i dtreo ionchuimsithe, follasachta agus éifeachtúlachta mar aon le bainistíocht éifeachtach ar athrú. |
| Wripl Technologies | Tá a lán samplaí ann de ghnóthaí atá bunaithe ar Shonraí Oscailte agus iad sin ag cur breisluacha le seirbhísí do ghnóthaí agus do chliaint eile. Ceann acu sin is ea *Wripl Technologies*, réiteach pearsanaithe ar líne a cheadaíonn do ghnóthaí a dtáirgí a phearsanú trí theicneolaíochtaí ardleibhéil a úsáid chun an t-ábhar ceart a thairiscint don úsáideoir ceart ag an am ceart agus ar ghairis éagsúla. |
| Beaches.ie | Beaches.ie an seoladh do láithreán gréasáin faisnéise na n-uiscí snámha náisiúnta atá forbartha ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Tá na torthaí agus an fhaisnéis mhonatóireachta ar na huiscí snámha ó 190 trá curtha ar fáil ag 10 n-údarás áitiúil agus tá sonraí faoi na taoidí ó Fhoras na Mara áirithe ann freisin. Cuireann sé sin ar chumas an phobail cuairteanna a phleanáil ag am atá sábháilte. Tá Beaches.ie báúil d'fhearais soghluaiste agus tá API aige chun éascaíocht rochtana níos fearr a dhéanamh. |

| | |
|---|---|
| FOI | Ag leibhéal oibríochtúil tá ranna rialtais in ann laghdú suntasach a dhéanamh ar líon na n-iarratas Saorála Faisnéise (FOI), Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (Iarratais AIE) agus Ceisteanna Dála trína chinntiú go bhfuil sonraí a éilítear go minic curtha ar fáil mar Shonraí Oscailte. |
| Heritagemaps.ie | Tá roinnt aipeanna turasóireachta forbartha agus úsáid á bhaint as sonraí oscailte. Is iondúil go gcomhcheanglaíonn na haipeanna sin sonraí suímh, suíomhanna suimiúla, cóiríocht agus eolas ábhartha eile chun 'treoir taistil' áisiúil agus iniompartha a chur ar fáil do chuairteoirí. Mar shampla, forbraíodh Heritagemaps.ie chun a chur ar chumas cuairteoirí sonraí oidhreachta a shamhlú. Tugann an uirlis fionnachtana ilfhreastail seo cead do na húsáideoirí breathnú ar réimse leathan de shonraí oidhreachta tógtha agus nádúrtha i bhfoirm mapa, agus is féidir é a úsáid chun mapaí oiriúnaithe a chruthú, achar agus fad a thomhas, láithreacha inspéise a aithint agus staidéar a dhéanamh ar an bhflóra agus an fauna áitiúil, chomh maith lena lán úsáidí eile, cinn áineasa agus cinn taighde-bhunaithe araon. |

## Treoirphrionsabail agus Luachanna

**Treoirphrionsabail agus Luachanna**

**Tá an Straitéis Sonraí Oscailte seo treoraithe ag na prionsabail agus na luachanna seo a leanas:**

Osclóidh na Sonraí *ar bhonn réamhshocraithe** agus ar ardchaighdeán (cruinn, údarásach, comh-inoibritheach, coinnithe agus nuashonraithe ag tréimhsí rialta), foilsithe ar an tairseach náisiúnta mar 3* agus ag méadú go dtí 4* agus 5* (nasctha) in imeacht ama

Méadófar líon na dtacar sonraí in imeacht ama agus úsáidfear iad, inter alia, chun rialachas feabhsaithe a bhaint amach mar aon le nuálaíocht ina n-úsáid.

Déanfaidh Sonraí Oscailte, nasctha leis an tairseach náisiúnta data.gov.ie, riar ar riachtanais an Chreata Teicniúil (caighdeáin, formáid, meiteashonraí, ceadúnas) chun comh-inoibritheacht a chinntiú

Mar gheall go bhfuil an Straitéis tacaithe ag luachanna oscailteachta agus follasachta, i gcásanna nach n-eisítear tacair shonraí atá iarrtha mar Shonraí Oscailte, tabharfaidh an comhlacht poiblí atá freagrach na cúiseanna nach bhfuil siad ar fáil

Cuirfear cur chuige saolré ar fáil don bhainistíocht sonraí, óna gcruthú go dtí a gcartlannú chun leanúnachas agus infhaighteacht na dtacar sonraí a chinntiú

Ailíniú leis na Prionsabail Sonraí Oscailte G8 agus na cinn atá ag an gCairt Idirnáisiúnta Sonraí Oscailte

Cloífidh Sonraí Oscailte leis na prionsabail FAIR (Infhaighte, Inrochtana, comh-inoibritheach agus ath-inúsáidte)

**cé is moite de shonraí pearsanta, sonraí atá íogair ó thaobh tráchtála de nó sonraí atá íogair ó thaobh slándála/sábháilteachta de nó sonraí atá díolmhaithe ar shlí eile faoi FOI/PSI nó nó go bhfuil sé coiscthe ar shlí eile na sonraí a fhaisnéisiú agus faoi réir na reachtaíochta Cosanta Sonraí agus na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR)*

## Cuspóirí Uileghabhálacha

**Cuspóirí Uileghabhálacha**

**Tá sé i gceist go socródh na cuspóirí uileghabhálacha an treo d'Éirinn i dtaca le Sonraí Oscailte thar shaolré na Straitéise agus níos faide ná sin trí:**

Forbairt a dhéanamh ar chultúr sonraí-thiomanta ar fud na Seirbhíse Poiblí agus cur chuige saolré glactha i leith bainistíocht sonraí agus foilsiú sonraí i bhformáid oscailte a bheith ina ghnáthamh

- Geilleagar a bheidh tiomáinte ag luach timpeall ar Shonraí Oscailte a thógáil trí thacair shonraí ardluacha a dhéanamh inrochtana go poiblí agus saorchead é a úsáid in athuair, rud a chinnteoidh, nuair is gá, go mbeidh toradh ar an infheistíocht le fáil ag an Stát.
- Nuálaíocht agus fás eacnamaíoch a spreagadh, follasacht agus éifeachtúlacht a chur chun cinn sa riarachán poiblí trí úsáid sonraí agus caighdeán na sonraí a fheabhsú ag úsáid an aiseolais ó úsáideoirí
- Struchtúir mhaithe rialachais a chinntiú chun an Tionscnamh a threorú agus a thiomáint agus a dheimhniú go mbeidh cur chuige comhsheasmhach agus soiléir á leanúint ag comhlachtaí poiblí maidir le Sonraí Oscailte
- A chinntiú go mbeidh na tacair shonraí ar aon dul leis an gCreat Teicniúil chun a chinntiú go mbeidh na sonraí ar an tairseach náisiúnta Sonraí Oscailte ar ardchaighdeán agus le n-úsáid in aisce, agus a chinntiú go mbeidh stádas ard ag Éire sna meastóireachtaí idirnáisiúnta
- Dul i dteagmháil le pobal leathan de pháirtithe leasmhara lena n-áirítear gnóthaí, taighde agus lucht léinn, an sochaí shibhialta agus saoránaigh, na meáin, leabharlanna, gairmithe faisnéise agus dreamanna eile chun úsáid Sonraí Oscailte a chur chun cinn agus a spreagadh
- Feasacht a chur chun cinn i dtaca le Sonraí Oscailte agus timpeallacht a chruthú ina mbeidh páirtithe leasmhara i dteagmháil le comhlachtaí poiblí chun tacair shonraí a aithint a mbeidh sé d'ionchas iontu tairbhí a sheachadadh agus léiriú a thabhairt ar an úsáid a bhainfear as tacair shonraí den chineál sin
- Cur chun cinn a dhéanamh ar eiseamláirí maithe, cásanna úsáide agus seaimpíní Sonraí Oscailte
- Dul i dteagmháil leis na comhlachtaí cuí i bhforbairt tomhas agus meadarachtaí chun measúnú a dhéanamh ar réadú tairbhí
- Plé a dhéanamh faoin bpoitéinseal chun sonraí nach ón rialtas iad a áireamh má mheastar iad a bheith luachmhar in imeacht ama
- Thar shaolré na Straitéise, déanfaidh Comhlachtaí Poiblí tiomantais shonracha do thacaíocht agus do chothabháil fhadtéarmach ar thacair shonraí ardluacha a bheidh eisithe agus na páirtithe leasmhara ag brath orthu

## Tairbhí atá Beartaithe

**Sochair atá Beartaithe**

**Na tairbhí atá i gceist a bhaint as an Tionscnamh Sonraí Oscailte**

Aithnítear sonraí mar shócmhainn straitéiseach agus luachmhar. Áirithe ar na tairbhí ionchasacha sóisialta, eacnamaíocha agus polaitiúla tá:

- Breis follasachta agus freagrachta ar chomhlachtaí poiblí
- Deiseanna nua do léargais bhreise ar shonraí trí thacair shonraí oscailte a chónascadh, chun fianaise a chur ar fáil le treoir a thabhairt do bheartas agus seirbhísí a fheabhsú
- Breis comhroinnte agus úsáide sonraí ar fud na Seirbhíse Poiblí Disciplín níos fearr i leith sonraí agus éifeachtúlacht fheabhsaithe taobh istigh de Chomhlachtaí Poiblí
- Éascaíonn sé rannpháirtíocht shuntasach saoránach agus ionchur eolach sa chinnteoireacht, i bhforbairt beartas agus i ndearadh seirbhíse
- Ailíniú le PSI agus leis an Treoir INSPIRE mar aon le hionstraimí ábhartha eile
- Feabhas a chur ar chaighdeán na sonraí a bheidh ar fáil do chomhlachtaí poiblí le haghaidh anailíse agus cinnteoireachta trí chur chuige saolré a bhunú do Shonraí Oscailte
- Nuálaíocht, cruthaitheacht agus éifeachtúlacht a mbeidh fás eacnamaíoch mar thoradh orthu
- Cáil idirnáisiúnta na hÉireann a ardú mar fhórsa oibre, pobal agus rialtas atá eolasach, forásach agus inniúl ar shonraí
- Méadú ar tharraingteacht na hÉireann le haghaidh infheistíochta ó ghnólachtaí idirnáisiúnta agus áitiúla teicneolaíochta sonraí/faisnéise

## **Tosca Criticiúla Ratha**

Struchtúir láidre ceannasaíochta agus rialachais curtha ar fáil ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an mBord um Rialachas Sonraí Oscailte (ODGB) mar aon le hailíniú na Straitéise le cuspóirí an Rialtais, ar nós Phlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí, an Straitéis ICT/Digiteach, an Bonneagar Sonraí Náisiúnta atá molta agus tionscnaimh eile

Struchtúir chuí cheannasaíochta agus rialachais a bheith i bhfearas taobh istigh de Chomhlachtaí Poiblí chur rathúlacht a chinntiú. Áirithe leis sin tá an tacaíocht is gá ag leibhéal sinsearach agus Oifigeach Teagmhála Sonraí Oscailte a bheith ainmnithe i ngach eagraíocht

Sonraí ar ardchaighdeán a bheith á bhfoilsiú ag Comhlachtaí Poiblí le tacaíocht ón gCreat Teicniúil agus ag caighdeáin sonraí oscailte, agus ailínithe leis an gcleachtas is fearr idirnáisiúnta chun comh-inoibritheacht tras-teorann a chinntiú


Chun an Straitéis Sonraí Oscailte a chur i bhfeidhm beidh gá le comhoibriú idir na táirgeoirí sonraí agus na húsáideoirí sonraí chun a chinntiú go ndíreofar acmhainní agus iarrachtaí ar an áit a mbainfear an leas is fearr as

Forbairt Acmhainne: na tacaíochtaí agus na hacmhainní is gá a bheith i bhfearas chun tacaíocht theicniúil agus tacaíocht oiliúna a íostarraingt agus saineolas a chur ar fáil de réir mar is gá chun comhroinnt eolais a chumasú

Le tacaíocht ó Fhor-rochtain agus ó Comhpháirteachas le páirtithe leasmhara chun an úsáid agus an athúsáid is mó is féidir a bhaint as sonraí

***Rialachas na Straitéise Sonraí Oscailte*** Beidh feidhmiú na Straitéise Sonraí Oscailte tiomáinte ag an mBord um Rialachas Sonraí Oscailte (ODGB) le tacaíocht ó Ghrúpa Oibre na gComhlachtaí Poiblí agus ón Aonad um Shonraí Oscailte sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.


## Struchtúr Rialachais




## Lucht Tionchair Príomha

**An Fóram um Shonraí Oscailte**

Fóraim a óstáil ag a mbeadh cuireadh ag an bpobal agus ag an Oifigeach Teagmhála Sonraí Oscailte ó gach Comhlacht Poiblí chun comhairle agus aiseolas a chur ar fáil faoi Shonraí Oscailte


Comhpháirteachas Páirtithe Leasmhara
**Comhlachtaí Poiblí** le leanúint dá gcomhpháirteachas sa Tionscnamh Sonraí Oscailte, agus a chinntiú go bhfuil Sonraí Oscailte leabaithe ina bpróisis bhainistíochta eolais agus bhainistíochta éifeachtúlachta agus críochnúlachta
**An Pobal Gnó** le dul i dteagmháil le comhlachtaí poiblí chun cásanna úsáide a léiriú, chun tacair shonraí a bhfuil ionchas tráchtála iontu a aithint, agus chun an buntáiste tráchtála is mó is féidir a bhaint as na tacair shonraí atá ar fáil
**Gairmithe Faisnéise agus Leabharlannaithe** lena n-eolas agus a saineolas a chur ar fáil maidir le bainistíocht sonraí, coimircíocht agus cartlannú agus cur leis an gceannaireacht éifeachtach ar thaighde sonraí ag gach céim den timthriall sonraí.
**An Pobal** chun leanúint de bheith ag tacú agus i gcomhpháirteachas leis an Tionscnamh Sonraí Oscailte cun fáil níos eolaí agus Sonraí Oscailte a úsáid le comhlachtaí poiblí a choinneáil cuntasach agus chun cuidiú le feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí
Tacóidh an tOireachtas agus an Rialtas leis an bhforbairt ar aon reachtaíocht chumasúcháin, agus cuirfidh siad an maoiniú is gá ar fáil chun an Bonneagar Sonraí Oscailte 'is fearr ina rang' a fhorbairt
**Na Meáin** – traidisiúnta agus sóisialta – lena ról a chomhlíonadh go hairdeallach i gcomhpháirteachas leis an Tionscnamh Sonraí Oscailte chun saoránaigh eolacha agus follasacht chuimsitheach a chinntiú ar fud na Seirbhíse Poiblí
**An tSochaí Shibhialta/Pobal na Saoránach** chun ról tábhachtach a bheith acu i gcinntiú go dtacóidh Sonraí Oscailte le dea-chleachtas chun na tairbhí follasachta agus freagrachta is mó is féidir a fháil as eisiúint na dtacar sonraí
An **Pobal Taighde** chun ról lárnach a bheith aige in aithint na ndeiseanna eacnamaíocha, sóisialta agus daonlathacha atá ag Sonraí Oscailte, agus, ach go háirithe, cultúr taighde sonraí oscailte agus na cleachtais chuí bainistíochta sonraí a chothú agus a thacú

## Téamaí Straitéiseacha

**Na Téamaí Straitéiseacha a threoróidh an Tionscnamh Sonraí Oscailte thar shaolré na Straitéise:**

| | |
|---|---|
| **Téama 1** | **Réimse na gcomhlachtaí poiblí atá páirteach go gníomhach sa Tionscnamh Sonraí Oscailte a leathnú – na 'Soláthróirí Sonraí Oscailte'** |
| **Téama 2** | **Leathnaigh scóip agus feabhsaigh cáilíocht, méid agus raon na Sonraí Oscailte agus na meiteashonraí a bhaineann leo (le n-úsáid go hinmheánach agus a chur ar fáil don phobal). Cáilíocht agus réimse na seirbhísí atá curtha ar fáil tríd an tairseach Sonraí Oscailte náisiúnta a fheabhsú** |
| **Téama 3** | **Leanúint de bheith i dteagmháil leis na Páirtithe Leasmhara ar fad agus úsáid na Sonraí Oscailte a spreagadh** |
| **Téama 4** | **Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do ghrúpaí éagsúla Úsáideoirí Sonraí Oscailte** |
| **Téama 5** | **Creat a chur ar fáil chun tacú leis na Soláthróirí Sonraí go léir agus oiliúint a chur orthu mar aon le hacmhainn a mhéadú i mbainistíocht agus in úsáid Sonraí Oscailte** |
| **Téama 6** | **Measúnacht a dhéanamh ar thionchar, tairbhí agus rioscaí an Tionscnaimh Shonraí Oscailte agus déan é a thagarmharcáil i gcoinne dlínsí eile** |
| **Téama 7** | **A chinntiú g mbeidh struchtúir éifeachtacha rialachais i bhfearas chun an Straitéis a chur i bhfeidhm** |

**Tá na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun na cuspóirí a bhaint amach leagtha síos sa Phlean Feidhmithe a shainíonn an comhlacht atá freagrach as gach gníomhaíocht agus an t-achar ama a bhfuil súil leis lena sheachadadh.**

## An Straitéis Sonraí Oscailte – Plean Feidhmithe

| Líon | Gníomh | Achar ama don seachadadh | Freagrach |
|---|---|---|---|
| | **Téama 1: Réimse na gcomhlachtaí poiblí atá páirteach go gníomhach sa Tionscnamh Sonraí Oscailte a leathnú – na 'Soláthróirí Sonraí Oscailte'** | | |
| 1.1 | Catalóg cuimsitheach de na comhlachtaí poiblí ar fad a fhorbairt (comhlachtaí rialtais, gníomhaireachtaí agus údaráis áitiúla) agus iad a spreagadh chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh Sonraí Oscailte. | Bliain 1 | An tAonad um Shonraí Oscailte |
| 1.2 | An chatalóg seo de chomhlachtaí poiblí a leathnú in imeacht ama ar bhonn céimnithe chun an tionscnamh a leathnú tuilleadh chun áireamh a dhéanamh ar: comhlachtaí eile a fhaigheann maoiniú stáit, ar nós Institiúidí Ardoideachais (HEIanna) agus comhlachtaí eile mar chomhlachtaí leathstáit, Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí, srl. in imeacht ama. | Bliain 3-5 | An tAonad um Shonraí Oscailte |
| 1.3 | Clár oibre a thabhairt isteach lena n-áireofar méadú ar chomhpháirteachas agus ar fheasacht chun na comhlachtaí ar fad den chineál sin a chur ar an eolas faoi na tairbhí atá as agus an gá atá le Sonraí Oscailte, agus chun dul i bpáirt leo sa Tionscnamh Sonraí Oscailte. | Bliain 1 | An tAonad um Shonraí Oscailte |
| | **Téama 2: Leathnaigh scóip agus feabhsaigh cáilíocht, méid agus raon na Sonraí Oscailte agus na meiteashonraí a bhaineann leo (le n-úsáid go hinmheánach agus a chur ar fáil don phobal). Cáilíocht agus réimse na seirbhísí atá curtha ar fáil tríd an tairseach Sonraí Oscailte náisiúnta a fheabhsú** | | |
| 2.1 | Fiosrú a dhéanamh faoin bhféidearthacht a bhaineann leis an tionscnamh a leathnú amach chun Sonraí Oscailte Taighde a chur san áireamh, ar aon dul le riachtanais na gclár taighde *Horizon 2020*, agus leis an mbeartas atá ag teacht chun cinn i gcomhlachtaí maoinithe taighde na hÉireann. I gcás ina mbíonn maoiniú poiblí á fháil ag an taighde, go gcuirfí torthaí na taighde ar fáil i bhformáidí Sonraí Oscailte. | Bliain 5 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte, Taighdeoirí |
| 2.2 | Iniúchadh sonraí a dhéanamh ar a sonraí reatha agus na torthaí a chur ar fáil go poiblí (ach amháin nuair a bheidh na sonraí díolmhaithe faoi FOI) ionas go mbeidh úsáideoirí in ann iarratas a dhéanamh ar a dtacair shonraí. Plean foilsithe Sonraí Oscailte a fhoilsiú ina n-áireofar tacair shonraí ardluacha agus achair ama don fhoilsiú. An t-iniúchadh sonraí a athbhreithniú agus an plean foilsithe a nuashonrú gach 2 bhliain. | Bliain 1-5 | Na Soláthróirí Sonraí go Léir |

| Líon | Gníomh | Achar ama don seachadadh | Freagrach |
|---|---|---|---|
| | Iontaoibh a chothú sna Sonraí Oscailte trína chinntiú go ndéantar tacair shonraí a nuashonrú agus a chothabháil go rialta. | | |
| 2.3 | Éascaigh aon iarratas go ndéanfaí tacair shonraí a fhoilsiú mar Shonraí Oscailte a luaithe agus is féidir. Cinntigh go dtabharfar tosaíocht do na tacair shonraí sin a aithnítear mar chinn 'ardluacha' (nuair a bhíonn úsáid aitheanta) mar aon le sonraí fíor-ama agus roghanna rochtana ag dul leo, m.sh. íoslódáil ilfhormáid, APIanna, srl. | Bliain 1 | Na Soláthróirí Sonraí go Léir |
| 2.4 | An cleachtas is fearr i mbainistíocht sonraí a ghlacadh d'fhonn a chinntiú go ndéanfar gach tacar sonraí nuachruthaithe a eisiúint mar Shonraí Oscailte, eisithe go tráthúil agus go mbeidh siad 'Oscailte ar Bhonn Réamhshocraithe' mar ghnáthchúrsa. D'fhéadfaí Aimsitheoirí Aonfhoirmeacha Acmhainní (URIanna) a chur san áireamh i gcomhthéacs an Bonneagar Sonraí Náisiúnta atá molta. | Bliain 5 | Na Soláthróirí Sonraí go Léir, An tAonad um Shonraí Oscailte, PBWG |
| 2.5 | Tabhairt faoi chlár leanúnach forbartha agus feabhsúcháin ar an Tairseach Sonraí Oscailte agus ar an Uirlis Iniúchta Sonraí Oscailte chun a chinntiú go gcoinneofar an tairseach suas chun dáta. | Bliain 1-5 | An tAonad um Shonraí Oscailte |
| 2.6 | A chinntiú go bhfuil na tacair shonraí go léir ag cloí leis an gCreat Teicniúil (ceadúnas, formáid, meiteashonraí, caighdeáin) agus go bhfoilseofar iad ar ráta 3 réalta ar a laghad, CSV, JSON nó XML agus a leithéid. Moltar go bhfoilseofaí tacair shonraí in ilfhormáid ar nós PDF (1 réalta), Microsoft Excel (2 réalta) de bhreis ar na 3 réalta a bhfuil gá leo. Foilsiú sonraí 3 réalta a leabú sna próisis shonraí reatha atá ag comhlachtaí poiblí. Méadaigh an lear sonraí 4 agus 5 réalta atá ar fáil ar an tairseach náisiúnta Sonraí Oscailte in imeacht ama i gcomhar le comhlachtaí poiblí. | Bliain 1 | An tAonad um Shonraí Oscailte, Na Soláthróirí Sonraí go Léir |
| 2.7 | Déan measúnú ar bhealaí/meicníochtaí cuí inar féidir le comhlachtaí poiblí tiomantais shonracha a dhéanamh do thacaíocht agus cothabháil fhadtéarmach ar thacair shonraí ardluacha, ar nós comhaontaithe, treoracha do dhea-chleachtas, srl. | Bliain 5 | An tAonad um Shonraí Oscailte, Na Soláthróirí Sonraí go Léir |
| 2.8 | Bain úsáid as Éirchóid i sonraí seoltaí chun cuidiú le tacair shonraí a nascadh nuair a bheidh tacair shonraí oscailte eile á gcomhroinnt agus á n-úsáid. | Bliain 2 | Na Soláthróirí Sonraí Ábhartha |

| Líon | Gníomh | Achar ama don seachadadh | Freagrach |
|---|---|---|---|
| 2.9 | Déan athbhreithniú ar an gCreat Teicniúil ar bhonn rialta chun a chinntiú go bhfuil sé nuashonraithe mar atá dlite chun áireamh a dhéanamh ar aon chaighdeáin/fhormáid chomónta nua do na meiteashonraí a chuirtear ar fáil leis na tacair shonraí go léir. | Bliain 1-5 | An tAonad um Shonraí Oscailte/ PBWG |
| | **Téama 3: Leanúint de bheith i dteagmháil leis na Páirtithe Leasmhara ar fad agus úsáid na Sonraí Oscailte a spreagadh** | | |
| 3.1 | Aimsigh tacair shonraí nua le foilsiú mar Shonraí Oscailte. Ach go háirithe:<br>• Aithnigh fearainn shonracha le haird ar leith a thabhairt orthu chun foilsiú tacair shonraí ardluacha a cheadú ar bhonn céimnithe. D'fhéadfadh go mbeadh Timpeallacht, Sláinte, Iompar, Cultúr agus Oidhreacht, Tuillte áirithe leo sin.<br>• Aithnigh earnálacha inar féidir tairbhí ionchasacha eacnamaíocha a bhaint amach trí infhaighteacht níos leithne a bheith ar Shonraí Oscailte. D'fhéadfadh go mbeadh, mar shampla, Turasóireacht, Cultúr agus Oidhreacht, Iompar, Fuinneamh & Timpeallacht, Pleanáil Sláinte, Oideachas, Eolaíocht agus Taighde áirithe leo sin. | Bliain 1<br>Bliain 1 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte, Soláthróirí Sonraí Ábhartha |
| 3.2 | Fóraim Óstacha Sonraí Oscailte – fóram comhairleach gach úsáideoir Sonraí Oscailte a bheith páirteach ann agus chun comhairle agus aiseolas a thabhairt ar Shonraí Oscailte. | Bliain 1-5 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte, Na Soláthróirí Sonraí go Léir, Príomhpháirtithe Leasmhara |
| 3.3 | Comhoibriú le páirtithe leasmhara chun úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as a aithint agus a chinntiú go bhfuil tacair shonraí chuí curtha ar fáil mar Shonraí Oscailte. Trí fhorbairt/fhoilsiú a dhéanamh ar chásanna úsáide, cuidiú leis an iontógáil ar Shonraí Oscailte a thiomáint do chúinsí taighde agus forbartha. | Bliain 1-5 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte, Na Soláthróirí Sonraí go Léir, Taighdeoirí |
| 3.4 | Rath na hÉireann le Sonraí Oscailte a chraobhscaoileadh go hidirnáisiúnta chun tuilleadh infheistíochta agus nuálaíochta a chothu agus Sonraí Oscailte á n-úsáid. | Bliain 1-5 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte |

| Líon | Gníomh | Achar ama don seachadadh | Freagrach |
|---|---|---|---|
| 3.5 | Plean comhpháirteachais/cumarsáide do pháirtithe leasmhara a chur i bhfeidhm (a leagfaidh amach comhpháirteachas i ngníomhaíochtaí for-rochtana agus comhoibrithe le húsáideoirí seachtracha chun úsáid a chur chun cinn agus úsáideoirí sonraí a spreagadh chun a n-úsáid sonraí a chur ar taispeáint go hoscailte ar an tairseach Sonraí Oscailte. | Bliain 1 | An tAonad um Shonraí Oscailte |
| 3.6 | A bheith páirteach go rialta i ngníomhaíochtaí agus in imeachtaí comhoibrithe agus for-rochtana chun feasacht faoi Shonraí Oscailte a ardú, dul chun cinn agus úsáid Sonraí Oscailte a phoibliú, agus ionchur a lorg ó ghnóthaí, taighdeoirí agus saoránaigh. | Bliain 1-5 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte, Na Soláthróirí Sonraí go Léir |
| 3.7 | Reáchtáil a dhéanamh nó páirt a ghlacadh i gcomhdháil bhliantúil faoi Shonraí Oscailte mar aon le ceardlanna agus seimineáir eile. Déanfaidh comhaltaí an ODGB cur i láthair ag imeachtaí Sonraí Oscailte | Bliain 1-5 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte, Soláthróirí Sonraí Ábhartha |
| 3.8 | Úsáid a bhaint as Sonraí Oscailte chun tacú le hanailísíocht go hinmheánach agus feabhas a chur ar chinnteoireacht fhianaise-bhunaithe (i bhforbairt agus i bhfeidhmiú beartas poiblí). | Bliain 3 | Na Soláthróirí Sonraí go Léir |
| | **Téama 4: Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do ghrúpaí éagsúla Úsáideoirí Sonraí Oscailte** | | |
| **4.1** | **Gnó: Tabharfaidh an Bord um Rialachas Sonraí Oscailte le tacaíocht ón Aonad um Shonraí Oscailte spreagadh do Ghnó chun:** | | |
| 4.1.1 | • Straitéisí gnó a fhorbairt le húsáid a bhaint as acmhainneachta Sonraí Oscailte, mar aon le táirgí agus seirbhísí a fhorbairt chun cáilíocht na beatha a fheabhsú agus poist a chruthú. | Bliain 2 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte, Gnó |
| 4.1.2 | • Fearainn shonraí a aithint le foilsiú i gcásanna a bhféadfaí tairbhí ionchasacha eacnamaíocha a sheachadadh. Comhoibriú le comhlachtaí poiblí agus aiseolas a chur ar fáil faoi chaighdeán sonraí agus faoi thacair shonraí atá le foilsiú. Tuairisciú ar úsáid tacar sonraí mar chabhair chun a theacht ar réadú tairbhí. | Bliain 3 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte, Gnó |
| 4.1.3 | • Tionscnamh Sonraí Oscailte na hÉireann a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear chun infheistíocht agus nuálaíocht a chothú. | Bliain 1-5 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte, Gnó |

| Líon | Gníomh | Achar ama don seachadadh | Freagrach |
|---|---|---|---|
| 4.1.4 | • A mheas thar thréimhse ama cé na tacair sonraí faoina ngnó féin a d'fhéadfaí a eisiúint. | Bliain 5 | Gnó |
| 4.1.5 | • Anailísíocht sonraí agus inniúlacht úsáide a thógáil. | Bliain 1-5 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte, Gnó |
| 4.1.6 | • Bealaí a mheas chun tacú le SME/gnólachtaí nuathionscanta le húsáid a bhaint as Sonraí Oscailte, nó tacú lena n-úsáid trí Fhiontraíocht Éireann agus na hOifigí Fiontair Áitiúla. | Bliain 2 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte, Fiontraíocht Éireann |
| **4.2** | **An Sochaí Sibhialta/Pobal: Tabharfaidh an Bord um Rialachas Sonraí Oscailte le tacaíocht ón Aonad um Shonraí Oscailte spreagadh don Sochaí Sibhialta/Saoránaigh chun:** | | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte |
| 4.2.1 | • Comhoibriú le comhlachtaí poiblí chun tacair shonraí a bhfuil ionchas ardluacha acu a aithint lena n-eisiúint agus aiseolas a chur ar fáil. | Bliain 3 | An Sochaí Sibhialta/Pobal |
| 4.2.2 | • Úsáid a bhaint as Sonraí Oscailte chun comhlachtaí poiblí a choinneáil cuntasach ar sheachadadh seirbhísí. | Bliain 3 | An Sochaí Sibhialta/Pobal |
| 4.2.3 | • Sonraí Oscailte a úsáid chun rannpháirtíocht na saoránach a spreagadh i gcinnteoireacht agus chun smaointe nuálacha a ghiniúint d'fheabhsúcháin seirbhíse. | Bliain 3 | An Sochaí Sibhialta/Pobal |
| 4.2.4 | • Tionscnamh Sonraí Oscailte na hÉireann a chur chun cinn sa bhaile agus thar lear chun glacadh a spreagadh agus na tairbhí a thuiscint. | Bliain 3 | An Sochaí Sibhialta/Pobal |
| 4.2.5 | • Páirt a ghlacadh in aon mheasúnacht ar an Tionscnamh. | Bliain 3 | An Sochaí Sibhialta/Pobal |
| **4.3** | **Taighdeoirí/An Saol Acadúil, Leabharlannaithe/Gairmithe Eolais: Tabharfaidh an Bord um Rialachas Sonraí Oscailte le tacaíocht ón Aonad um Shonraí Oscailte spreagadh do Thaighdeoirí/An Saol Acadúil, Leabharlannaithe/Gairmithe Eolais chun** | | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte, Taighdeoirí/An Saol Acadúil, Leabharlannaithe/Gairmithe Eolais |

| Líon | Gníomh | Achar ama don seachadadh | Freagrach |
|---|---|---|---|
| 4.3.1 | • Amhshonraí a chur ar fáil do thaighde a fhaigheann maoiniú poiblí i bhformáid Sonraí Oscailte. Úsáid a bhaint as Sonraí Oscailte agus cuidiú leis an nglacadh le Sonraí Oscailte do chúinsí taighde agus nuálaíochta. | Bliain 3 | Taighdeoirí/An Saol Acadúil |
| 4.3.2 | • Treochtaí náisiúnta/idirnáisiúnta atá ag teacht chun cinn do Shonraí Oscailte a aithint. | Bliain 1-5 | Gach Dream |
| 4.3.3 | • Meadarachtaí a fhorbairt d'aimsiú/mheasúnacht tairbhí. | Bliain 3 | Taighdeoirí/An Saol Acadúil |
| 4.3.4 | • Riachtanais scileanna sa todhchaí a aithint chun a chinntiú go n-éireoidh le mic léinn i ngeilleagar atá tiomáinte ag sonraí. | Bliain 3 | Taighdeoirí/An Saol Acadúil |
| 4.3.5 | • A aithint cé mar a d'fhéadfadh saoránaigh dul i dteagmháil le Sonraí Oscailte agus iad a úsáid. Deiseanna a aithint chun follasacht agus freagracht a fheabhsú trí úsáid Sonraí Oscailte. | Bliain 3 | Gach Dream |
| 4.3.6 | • An cleachtas is fearr a chur chun cinn do chartlannú, coimircíocht agus caomhnú Sonraí Oscailte, lena n-áirítear sonraí taighde agus aird á thabhairt ar nascáil agus rochtain dhaingean sonraí tríú páirtí mar aon le stóráil, comhroinnt agus múnlaí íomhánna. | Bliain 3 | Gach Dream |
| | **Téama 5: Creat a chur ar fáil chun tacú leis na Soláthróirí Sonraí go léir agus oiliúint a chur orthu mar aon le hacmhainn a mhéadú i mbainistíocht agus in úsáid Sonraí Oscailte** | | |
| 5.1 | Bailchríoch a chur agus maoirseacht a dhéanamh ar an gcreat reatha d'oiliúint agus do tacaíocht theicniúil Sonraí Oscailte agus maoirseachta a dhéanamh ar chonarthaí. Rathúlacht na gcreataí a mheas (úsáid, srl.) ag deireadh an chonartha. | Bliain 1 - 4 | An tAonad um Shonraí Oscailte, Comhlachtaí Poiblí Ábhartha |
| 5.2 | Oiliúint a chur ar fáil don fhoireann chuí i gcomhlachtaí poiblí: oiliúint ghinearálta Sonraí Oscailte, bainistíocht sonraí, teicniúil agus oibríochtúil de réir mar is cuí (trí tharraingt anuas as an gcreat oiliúna nó trí mhodhanna eile ar nós 'oiliúint cháilithe ar na hoiliúnóirí' Sonraí Oscailte). Cuir faoi chaibidil deiseanna do chomhlachtaí poiblí chun acmhainní a chomhroinnt chuige sin. | Bliain 1-5 | Na Comhlachtaí Poiblí go Léir, An tAonad um Shonraí Oscailte, Soláthróirí Seachtracha |
| 5.3 | Tacaíocht theicniúil a chur ar fáil don fhoireann chuí i gcomhlachtaí poiblí: iniúchadh ar shonraí, pleananna foilsithe a fhorbairt, srl. (trí tharraingt anuas as an gcreat do thacaíocht theicniúil nó trí mhodhanna eile). | Bliain 1-5 | Na Comhlachtaí Poiblí go Léir, Soláthróirí Seachtracha |

| Líon | Gníomh | Achar ama don seachadadh | Freagrach |
|---|---|---|---|
| 5.4 | Úsáid a bhaint as Sonraí Oscailte chun gnóthachtálacha éifeachtúlachta agus críochnúlachta a bhaint amach ina n-eagraíochtaí. Cuir faoi chaibidil anailísíocht sonraí a úsáid chun feidhm riaracháin na heagraíochta a fheabhsú trí úsáid na sonraí féin, agus trí Shonraí Oscailte a chur ar fáil do dhreamanna eile. | Bliain 3 | Na Comhlachtaí Poiblí go Léir |
| 5.5 | Comhairle agus tacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí poiblí i gcomhlíonadh Threoir agus rialacháin an PSI. Cuir comhairle agus tacaíocht ar fáil do chomhlachtaí poiblí maidir leis an Tionscnamh Sonraí Oscailte. | Bliain 1-5 | An tAonad um Shonraí Oscailte |
| 5.6 | Forbair acmhainn agus cumas anailíseach sonraí i measc úsáideoirí ionchasacha Sonraí Oscailte trí chláir oideachais Sonraí Oscailte a chur chun cinn ag an tríú leibhéal chun a chinntiú go bhfaighidh mic léinn na scileanna is gá chun dul chun cinn a dhéanamh i ngeilleagar atá tiomáinte ag sonraí. | Bliain 5 | Institiúidí Tríú Leibhéal |
| | **Téama 6: Measúnacht a dhéanamh ar thionchar, tairbhí agus rioscaí an Tionscnaimh Shonraí Oscailte agus déan é a thagarmharcáil i gcoinne dlínsí eile** | | |
| 6.1 | Spreag forbairt meadarachtaí a cheadaíonn aimsiú tairbhí, mar shampla, céard a thugann Sonraí Oscailte chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus críochnúlacht sheachadadh seirbhísí poiblí. Déan meastóireacht ar thionchar, tairbhí agus riosca an Tionscnaimh Shonraí Oscailte agus foilsigh an t-eolas. Déan measúnú ar chreata atá in úsáid i ndlínsí eile a dhíríonn ar bhuntáistí agus ar thoradh ar infheistíocht. | Bliain 3 | An tAonad um Shonraí Oscailte, Na Soláthróirí Sonraí go Léir, Institiúidí Tríú Leibhéal, Taighdeoirí |
| 6.2 | Aithnigh agus déan monatóireacht ar threochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta chun treoir a thabhairt agus a chinntiú go bhfuil Éire ina ceannródaí i bhfeidhmiú Sonraí Oscailte. Glac páirt in athbhreithnithe agus i suirbhéanna Idirnáisiúnta/AE, mar shampla, suirbhéanna OECD ar Shonraí Oscailte Rialtais agus i suirbhé na Tairsí Eorpaí Sonraí Oscailte / hAibíochta Sonraí Oscailte d'fhonn a chinntiú go bhfuil Éire ag déanamh go maith i gcomparáid le dlínsí eile. | Bliain 1-5 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte |
| 6.3 | Dul i dteagmháil le hAonad Um Shonraí Oscailte Thuaisceart Éireann agus sinéirgí a fhorbairt. | Bliain 1 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte |

| Líon | Gníomh | Achar ama don seachadadh | Freagrach |
|---|---|---|---|
| | **Téama 7: A chinntiú g mbeidh struchtúir éifeachtacha rialachais i bhfearas chun an Straitéis a chur i bhfeidhm** | | |
| 7.1 | Déanfaidh an Bord um Rialachas Sonraí Oscailte (ODGB) maoirseacht ar fheidhmiú na Straitéise Sonraí Oscailte agus tiocfaidh siad le cheile uair sa ráithe ar a laghad. Déanfar athbhreithniú/athnuachan ar théarmaí tagartha agus ar bhallraíocht an Bhoird gach dhá bhliain. | Bliain 1-5 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte |
| 7.2 | Tacaíocht theicniúil le cur ar fáil ag Grúpa Oibre na gComhlachtaí Poiblí (PBWG) don ODGB. Athbhreithniú le déanamh gach 2 bhliain ar théarmaí tagartha an PGWG. | Bliain 1-5 | ODGB, An tAonad um Shonraí Oscailte/ PBWG |
| 7.3 | Cuirfidh an tAonad um Shonraí Oscailte rúnaireacht agus tacaíocht ar fáil don ODGB agus PBWG. Áirithe leis sin beidh an fhorbairt ar chlár oibre bliantúil agus foilsiú Thuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn maidir le feidhmiú na Straitéise Sonraí Oscailte. Áirithe sa Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn beidh an dul chun cinn a bheidh déanta ag comhlachtaí poiblí leis an bhfeidhmiú ar Shonraí Oscailte ina n-eagraíochtaí faoi seach. | Bliain 1-5 | An tAonad um Shonraí Oscailte, Na Soláthróirí Sonraí go Léir |
| 7.4 | Ainmneoidh gach comhlacht phoiblí duine sinsearach as a n-eagraíocht a fheidhmeoidh mar Dhuine Teagmhála i dtaca le Sonraí Oscailte. Beidh siad sin ag feidhmiú mar phointe teagmhála leis an Roinn Caiteachais Phoiblí & Athchóirithe i dtaca le Sonraí Oscailte agus tacóidh siad leis an tionscnamh i gcoitinne. | Bliain 1 | An tAonad um Shonraí Oscailte, Na Soláthróirí Sonraí go Léir |

## Sainmhínithe & Gluais Téarmaí

**Comhlacht Poiblí** Chun críocha na Straitéise seo, áirithe le comhlacht poiblí tá ranna rialtais agus na comhlachtaí atá faoina gceannas mar aon le údaráis áitiúla. Déanfar fiosrú thar shaolré na Straitéise ar chomhlachtaí eile a fhaigheann maoiniú poiblí agus a chuireann seirbhísí ar fáil do na saoránaigh, leithéidí na nInstitiúidí Ardoideachais (HEIanna), ospidéil a fhaigheann maoiniú poiblí, srl., agus comhlachtaí eile ar nós Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí (PPPanna) agus NGOnna, srl.

**Sonraí Oscailte** *""A piece of data or content is open if anyone is free to use, reuse, and redistribute it — subject only, at most, to the requirement to attribute and/or share-alike"* (http://opendatahandbook.org/ ). Ar aon dul leis an reachtaíocht cosanta sonraí, nuair a bhíonn sonraí pearsanta sna tacair shonraí atáthar a bheartú a fhoilsiú, ní mór iad a dhéanamh anaithnid agus a chomhbhailiú ar bhealach do-athraithe nach gceadóidh duine aonair a aithint in athuair, a phiocadh amach nó a thabhairt le tuiscint, agus sa chás sin ní mheasfar gur sonraí pearsanta iad. Bíonn tacair shonraí neamhphearsanta i gcoitinne agus bheidís le heisiúint dá ndéanfaí iarratas orthu faoi reachtaíocht FOI. Tá sonraí áirithe ann freisin is féidir a dhíolmhú faoi reachtaíocht FOI.

**Tacar Sonraí** Bailiúchán de shonraí, foilsithe nó léirithe ag gníomhaire aonair, agus ar fáil le haghaidh rochtana nó le híoslódáil i bhformáid amháin nó níos mó. D'fhéadfadh bunachar sonraí, córas faisnéise, scarbhileog, srl., a bheith mar fhoinse don tacar sonraí. D'fhéadfadh tacar sonraí a bheith ag tagairt do shonraí oibríochtúla agus riaracháin araon. Áirithe i dtacair shonraí bíonn cláir, bailiúcháin leanúnacha sonraí agus suirbhéanna, faisnéis gheospásúil, sonraí táblacha, riaracháin, nó ag baint le feidhmíocht a bailíodh i dtaca le feidhmeanna eagraíochta, srl.

**Sonraí Ardluacha** Sainítear sonraí a bheith ar ardluach trí thagairt do mheon an fhoilsitheora, meon an úsáideora agus an cloí atá acu le Scéimre 5 Réalta na Sonraí Oscailte. Ó thaobh an fhoilsitheora de, d'fhéadfaí sonraí a mheas ar ardluach má chloíonn siad le haon cheann de na coinníollacha seo a leanas: cuireann siad le follasacht, tairbheach do shaoránaigh, cuireann siad le cruthú post, baineann siad go díreach/go hindíreach lena dtasc poiblí, tá laghdú costais mar thoradh orthu agus trí thagairt do chineál agus méid a sprioclucht féachana. Ó thaobh an úsáideora de, braitheann sonraí a bheith nó gan a bheith ar ardluach ar an n-ionchas athúsáide. Ní mór tacair shonraí a fhoilsiú de réir foirne de dhea-chleachtais chun an leas is fearr a bhaint as a n-athúsáid, m.sh. an Scéimre 5 Réalta agus 3 réalta ar a laghad.

**An Scéimre 5 Réalta do Shonraí Oscailte** Córas rátála do Shonraí Oscailte a mhol Tim Berners-Lee. Chun an uasmhéid de chúig réalta a scóráil, caithfidh na sonraí a bheith (1) ar fáil ar an Idirlíon faoi cheadúnas oscailte, (2) a bheith i bhfoirm sonraí struchtúrtha, (3) a bheith i bhformáid comhaid nach bhfuil dílsithe, (4) a bheith ag úsáid URInna mar aitheantóirí, (5) naisc le foinsí eile sonraí a bheith san áireamh (sonraí nasctha). Chun 3 réalta a scóráil, caithfidh siad (1)-(3) ar fad a shásamh, srl. Féach an Creat Teicniúil chun tuilleadh eolais a fháil. Moltar 3 réalta ar a laghad do shonraí a chuirtear leis an tairseach náisiúnta Sonraí Oscailte.

**Sonraí Nasctha** Tagraíonn an téarma Sonraí Nasctha do thacar dea-chleachtais chun sonraí struchtúrtha a fhoilsiú agus a nascadh ar an Idirlíon. Tá URInna (aitheantóirí uathúla acmhainní nó teaghráin charachtar chun tacair shonraí nó acmhainní a aithint) ríthábhachtach chun tacú le Sonraí Nasctha.

**Comhéadan Feidhmchláir** Is éard is Comhéadan Feidhmchláir (API) ann ná tacar de ghnáthaimh, prótacail, agus uirlisí chun feidhmchláir bhogearraí a thógáil. Na cláir sin a úsáideann API comónta beidh comhéadain chosúla úsáideoirí acu, rud a dhéanann éascaíocht d'úsáideoirí chun cláir nua a fhoghlaim. (Gluais W3C eGov). Tá tuilleadh téarmaí agus acrainmneacha comónta Sonraí Oscailte sainithe in Aguisín 1 den Chreat Teicniúil.

**Cur chuige saolré do Shonraí Oscailte:** Cur chuige ina ndéantar na próisis agus na gníomhaíochtaí is gá chun Sonraí Oscailte a fhoilsiú ar an tairseach náisiúnta Sonraí Oscailte a leanúint go córasach. Áirithe leo sin tá iniúchadh sonraí, forbairt pleananna foilsithe, glanadh agus ullmhú sonraí, uaslódáil agus cothabháil sonraí, coimeádaíocht, caomhnú agus cartlannú sonraí. Tugadh an cur chuige seo chun suntais den chéad uair i nDoiciméad Boinn na Sonraí Oscailte don Fhorbairt ar Straitéis Sonraí Oscailte a foilsíodh in 2015.